Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026
(OR. en)

10432/26
ADD 1

LIMITE

| | |
|---|---|
| CADREFIN 281 | COEST 471 |
| POLGEN 162 | COLAC 87 |
| RELEX 815 | COTRA 50 |
| ACP 60 | COWEB 86 |
| DEVGEN 100 | MAMA 145 |
| COHOM 87 | MOG 120 |
| COHAFA 51 | PTOM 27 |
| COAFR 178 | ELARG 103 |
| COASI 105 | GLOBAL GATEWAY 41 |

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0227 (COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda<br>*- Cur chuige ginearálta páirteach*<br>*- Ráiteas ón mBulgáir* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an ráiteas ón mBulgáir atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS**

**ó Phoblacht na Bulgáire**

**maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear 'an Eoraip Dhomhanda'**

PUBLIC

Is den mhórthábhacht do Phoblacht na Bulgáire cur chun cinn agus cosaint chearta an duine. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine, agus beidh feasta.

Ag an am céanna, agus gan dochar dá tacaíocht do théacs comhréitigh an Chur Chuige Ghinearálta Pháirtigh, athdhearbhaíonn an Bhulgáir a seasamh náisiúnta maidir le gnéithe áirithe, a áirítear sa Rialachán atá beartaithe lena mbunaítear 'an Eoraip Dhomhanda':

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina léirítear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann leis an gcoincheap 'inscne' atá ar neamhréir le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Ní bheidh aon tagairt do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) infheidhme maidir le Poblacht na Bulgáire i gcomhréir le Breithiúnas Uimh. 13/2018 ón gCúirt Bhunreachtúil. Ar na cúiseanna céanna, athdhearbhaíonn an Bhulgáir a seasamh i ndáil le Plean Gníomhaíochta Domhanda an Aontais maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan sa Ghníomhaíocht Sheachtrach (GAP III) agus ní mheasann sí go bhfuil sí faoi cheangal ag a chur i bhfeidhm.

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, glacann Poblacht na Bulgáire leis an téarma 'inscne' ('пол') chun tagairt a dhéanamh don dá ghnéas atá sainithe go bitheolaíoch 'fireann/baineann'.